SCÉIM CHUN CABHRÚ LE CRANNCHUIR CHARTHANACHA PHRÍOBHÁIDEACHA A BHFUIL A DTÁIRGÍ IN IOMAÍOCHT GO DÍREACH LENA GCOMHIONANN DE THÁIRGÍ ATÁ Á NDÍOL AG AN GCRANNCHUR NÁISIÚNTA, 2015

COINNÍOLLACHA NA SCÉIME – LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA gCOMHLÁNAÍONN TÚ D'FHOIRM IARRATAIS

1) Ní bhaineann an Scéim ach le crannchuir charthanacha phríobháideacha a bhfuil a dtáirgí in iomaíocht go díreach le táirgí inchomparáide an Chrannchuir Náisiúnta.

2) Beidh iarrataisí ar chúnamh faoin Scéim seo measúnaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Áirítear na nithe seo a leanas mar rudaí atá inchomparáide le táirgí an Chrannchuir Náisiúnta:
   (a) scríobchártaí
   (b) línte nó crannchuir le minicíocht seachtaine nó níos minice a riartar ar bhonn bliantúil

3) Faoi réir mhéid na gcistí a bhíonn ar fáil agus faoi réir critéir eile na scéime a shásamh, tá sé beartaithe go dtabharfaí cúnamh do carthanachtaí incháilithe i gcomhréir le meánmhéid a n-oll-láimhdeachais chrannchuir bhliantúil sna trí bliana cuntais is déanaí faoi mar atá siad sin deimhnithe ag iniúchóirí na heagraíochta.

4) Ní foláir do thionscnóir an chrannchuir bheith ina eagraíocht a bunaíodh go neamhspleách chun críocha carthanachta. Beidh gá le fianaise dhoiciméadach, ar nós fianaise go bhfuarthas díolúine cánach charthanach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

5) Ní foláir bunreacht a bheith ag an eagraíocht, nó sraith de rialacha, ina sainítear a cuid aidhmeanna, cuspóirí agus gnáthamh feidhme.

6) Ní foláir cuntas bainc nó cuntas cumainn foirngíochta a bheith ag an eagraíocht le beirt chomhshínitheoirí ar a laghad agus go bhfuiltear in ann cóipeanna dá cuntais iniúchta a sholáthar.

7) Ní foláir nó go bhfuil na ticéid chrannchuir ar fáil do bhaill an phobail i gcoitinne, laistigh dá limistéar díolaíochta, ar bhonn inchomparáide le táirgí an Chrannchuir Náisiúnta.

8) Ní foláir cur síos iomlán a sholáthar ar conas a fheidhmíonn an crannchur, agus struchtúr na nduaiseanna agus an gréasán díolaíochta san áireamh.

9) Ní mór críoch an tiomsaithe airgid chomh maith leis an úsáid deiridh a baineadh as an gcúnamh airgid a thabhairt go soiléir. Tabhair ar aird nach mór aon chistiú a sholáthraítear faoin scéim *a fheidhmiú* i leith ghníomhaíochtaí charthanúla na heagraíochta. **Níl cead é a úsáid chun críche riaracháin (féach, le do thoil, nóta mínithe in aguisín 1).**

10) Ní foláir sonraí na gcuntas iniúchta do na trí bliana cuntasaíochta is déanaí a sholáthar, ina léirítear, ar a lomlaghad, láimhdeachas an chrannchuir agus conas a leithdháiltear na fáltais dá bharr idir (a) dhuaiseanna, (b) ghníomhaíochtaí tairbhiúla agus (c) chostais eile (agus riarachán san áireamh). Tabhair faoi deara, ní foláir an litir ó iniúchóra an t-iarratasóir, a thaispeáineann luach díolacháin an chrannchuir, agus cén chaoi a raibh na cistí a fuarthas faoin Scéim an bhlian roimhe úsáidthe, a bheith bunaithe ar tástálacha iniúchóireacht déanta ag an iniúchóra.

11) Éileofar orthu sin a fhaigheann cistiú tuairisc a chur ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais, ag tráth nach déanaí ná 12 mí ó fhaightear an cistiú, ina sonraítear an úsáid a baineadh as an gcistiú agus an méid a baineadh amach leis. Beidh fianaise cháipéiseach de dhíth lena chinntiú gur caitheadh gach cistiú ar na críocha a tugadh agus gur comhlíonadh coinníollacha ar fad na scéime. Ní mór airgead a fhaightear ón gCiste a léiriú ar leithligh ó chuntais iniúchta na heagraíochta.

12) Féadfaidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar chláir a fhaigheann tacaíocht ó Chiste na gCrannchur Carthanúil. Ní mór d'fhaighteoirí ar Chistiú ó Chiste na gCrannchur Carthanúil rochtain iomlán a thabhairt do dhaoine a bheadh údaraithe ag an Rannóg um Rialú Cearrbhachais/Casino agus/nó ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais:

- ar áitreabh ábhartha;
- ar thaifid phearsanra, airgeadais agus eile;
- chun tabhairt faoi mheasúnú ar na seirbhísí a cistíodh nó tascanna eile; agus/nó
- chun gnéithe eile rialaithe ar dóigh go mbeadh tionchar ábhartha acu ar na seirbhísí sin a scrúdú.

13) Féadfaidh an Rannóg um Rialú Cearrbhachais/Casino agus /nó an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag idirthréimhsí réasúnacha, iniúchtaí agus corrsheiceálacha den chineál sin a dhéanamh mar a mheasfaidh an Rannóg um Rialú Cearrbhachais/Casino agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bheith cuí. Cuirfear tuairisc ar shaincheisteanna iomchuí a thiocfadh chun cinn ó iniúchtaí agus corrsheiceálacha den chineál sin ar fáil do d'eagraíocht agus feidhmeoidh d'eagraíocht aon mholtaí a thiocfadh chun cinn ó chigireacht den chineál sin gan mhoill mhíchuí.

14) Ní mór d'fhaighteoirí ar Chistiú ó Chiste na gCrannchur Carthanúil aon fhiosruithe monatóireachta maidir le cláir a fuair cistiú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na bliana a chomhlíonadh láithreach.

15) Le cáiliú faoin Scéim, ní mór do charthanais chuí a bheith ag feidhmiú crannchuir faoi fhorálacha na reachtaíochta Cearrbhachas agus Crannchur an 1ú Eanáir, 1997 nó roimhe. Tabhair ar aird le do thoil, sa chás is gur bhunaigh carthanais eagraíocht eile chun a gcrannchur a reáchtáil nó go bhfuil conradh acu le heagraíocht eile chun a gcrannchur a reáchtáil gur ar shealbhóir an cheadúnais crannchuir atá an fhreagracht a chinntiú go reáchtáiltear an crannchur de réir théarmaí an cheadúnais.

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
18 Lúnasa 2015

CISTE NA gCRANNCHUR NÁISIÚNTA

IARRATAS AR CHÚNAMH 2015

TÁBHACHTACH: Léigh go cúramach le do thoil an SCÉIM le haghaidh 2015 atá faoi iamh agus gach cuid eile den fhoirm seo roimh í a chomhlánú. Mura mbíonn dóthain spáis agat chun ceist a fhreagairt, lean le do fhreagra ar bhileog bhreise páipéir.

Sa bhliain 1997 bhunaigh an tAire Airgeadais Ciste na gCrannchur Náisiúnta chun forlíonadh a chur le hioncam tionscnóirí crannchur carthanach príobháideach a raibh a dtáirgí in iomaíocht go díreach lena gcomhionann de tháirgí a bhí ar fáil ón gCrannchur Náisiúnta. Leithdháiltear cúnamh ón gCiste i dtaca le holl-díolacháin iniúchta inchaílithe na gcrannchur carthanach ábhartha.

Fáilteofar roimh iarratais ó thionscnóirí crannchur carthanach príobháideach a riartar faoi fhorálacha na reachtaíochta Cearrbhachais agus Crannchuir reatha agus **a bhí ag feidhmiú ar 1 Eanáir 1997**. Caithfear gach cuid den fhoirm seo a chomhlánú go hiomlán chun a chinntiú go measfar bhur n-iarratas ar chúnamh. Tabhair an fhaisnéis seo leanas, le do thoil:-

1. Ainm agus seoladh na hEagraíochta:……...

   ……

   ……

   Seoladh Ríomhphoist:……

   Uimh. Theileafóin:..... Uimh. Facs:.....

2. (a) Ainm agus seoladh Chathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí: .

   .....

   .....

   …….....

(b) Ainmneacha agus Seoltaí na nIontaobhaithe:.....
.....
…….....
.....
…….....
…….....
……
……
…….…
……
…….
…….
…….
……
……
……
……
…….…
……..
……..
……..
……..
……..
……..

(c) Ainm agus seoladh an Chisteora:…….....
.....
.....

(d) Ainm agus seoladh an Rúnaí: .....
.....
.....

(e) Ainm agus seoladh an Phríomhfheidhmeannaigh:……
…….....
.....

(f) Ainm agus Seoladh an Oifigigh Airgeadais:
……..
……...

3. (a) Stádas Corparáideach na hEagraíochta (Cuideachta Theoranta, etc.)

.....

(b) Fostaíocht iomlán na heagraíochta - (dá bhfuil - go deonach):

.....

4. (a) Sainigh le do thoil cuspóirí na hEagraíochta:……..…….
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……....

(b) Cuir isteach leis seo cóip de Bhunreacht / Rialacha agus Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais (faoi mar is cuí) murar cuireadh isteach iad cheana.

Iarratasóirí a chuir cóip dá mBunreacht / Rialacha agus Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais faoi bhráid cheana, caithfidh siad a dhearbhú nach ndearnadh aon athrú ar na doiciméid seo ó cuireadh iad faoi bhráid, nó caithfidh siad doiciméid úra a chur faoi bhráid.

5. Ar bhronn na Coimisinéirí Ioncaim Díolúine Cánach Charthanach ar an Eagraíocht:

TÁ / NÍL

Más **TÁ** an freagra, luaigh an Uimhir Charthanachta (CHY):

.....

6. (a) Déan cur síos ar na crannchuir thréimhsiúla a riarann bhur nEagraíocht:

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

(b) An bhfuil cuideachta/ eagraíocht ar leith bunaithe ag bhur nEagraíocht chun na crannchuir seo a riaradh.

TÁ/ NÍL

Más **TÁ** an freagra:

(i) cuir isteach leis seo cóip dá Bunreacht/ Rialacha agus Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais (faoi mar is cuí) agus

(ii) an Teastas Imréitigh Cánach a bhaineann leis an eagraíocht.

(c) An bfuil d'Eagraíocht ag fostú cuideachta/eagraíochta eile chun crannchuir a riaradh ar do shon **TÁ/NÍL**

Más **TÁ** an freagra:

(i) Tabhair ainm na cuideachta/eagraíochta

……

(ii) Cuir in iúl an cineál socraithe chonarthaigh atá i bhfeidhm leis an eagraíocht agat agus an táille a íoctar léi

……

(iii) Soláthraigh cóip dá Teastas Imréitigh Cánach

……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……...

(d) Tabhair sonraí de gach táirge crannchuir a dhíolann tú (gach scríobchárta(í), agus / nó gach líne nó crannchuir le minicíocht seachtaine nó níos minice) agus tabhair samplaí de gach ceann...

.....

.....

.....

.....

.....

.....

(e) Cuir isteach liosta de na ceadúnais reatha chun crannchuir a reachtáil, ar a mbeidh dáta eisiúna agus dáta éaga gach ceadúnais i leith gach cuid den Tír:……...

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……....

(f) Cén céatadán d'oll-díolacháin na n-earraí crannchuir a íoctar mar dhuaiseanna?:……

……..

(g) Cén céatadán d'oll-díolacháin na n-earraí crannchuir a choimeádtar chun sochair na heagraíochta carthanaí?:……

……..

(h) Déan cur síos go mion ar an modh dáilte táirgí crannchuir (e.g. asraonta miondíola, díolacháin ó dhoras go doras, etc.):……..

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……....

(i) Abair cén fáth go gcreideann bhur nEagraíocht go bhfuil na táirgí crannchuir sin in iomaíocht go díreach lena gcomhionann de tháirgí a dhíolann an Crannchur Náisiúnta:……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

……

7. Tabhair mionsonraí ar an úsáid shonrach charthanúil a bhainfidh d'eagraíocht as aon chistiú a fhaightear ó Chiste na gCrannchur Carthanúil 2015. **<u>Tabhair ar aird alt 9 go 11 de na Coinníollacha agus Aguisín 1 agus an chuid seo á comhlánú. Iarrtar ar iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar an gcoinníoll nach ceadmhach cistiú a chaitheamh chun críocha riaracháin:</u>**

.....……

……

……

……

……

……

……....

8. (a) Cuir isteach leis seo cóipeanna de chuntais iniúchta bhur nEagraíochta i leith gach bliain de na trí bliana cuntais is déanaí (is cóir go gcríochnódh an bhliain chuntais is déanaí díobh i rith na bliana 2014).

(b) *Má d'éirigh le hiarratas uaibh anuraidh, ní gá daoibh ach deimhniú an iniúchóra a luaitear thíos i leith na bliana cuntais a chríochnaigh i rith na bliana 2014 a sholáthar. Más iarrthóirí nua sibh, ní mór daoibh deimhniú an iniúchóra a luaitear thíos i leith na mblianta cuntais a chríochnaigh sna blianta 2012, 2013 agus 2014 a sholáthar.*

Cuir isteach, le do thoil, deimhniú iniúchóra ar oll-díolacháin crannchuir. Is cóir go saineodh an deimhniú seo freisin:

(i) luach díolacháin airgeadaíoch na scríobchártaí go hiomlán

(ii) an líon de gach cineál scríobchárta a díoladh

(iii) an praghas ar gach cineál scríobchárta a díoladh

(iv) luach díolacháin airgeadaíoch na línte nó na gcrannchuir le minicíocht seachtaine nó níos minice

(v) an líon de gach cineál líne nó crannchuir a díoladh le minicíocht seachtaine nó níos minice

(vi) an praghas ar gach cineál líne nó crannchuir eile a díoladh le minicíocht seachtaine nó níos minice

[Tabhair faoi deara: Is bunriachtanas é seo, mar beidh leithdháiltí as Ciste na gCrannchur Náisiúnta i gcomhréir le holl-díolacháin deimhnithe crannchuir].

(c) I ngach cás inar tharla méadú de 3% nó breis ar Oll-Díolacháin Crannchuir ó 2012 go dtí 2013 agus/nó ó 2013 go dtí 2014, tabhair faisnéis, le thoil, a mhíníonn na méaduithe seo:…….....
…….....
…….....
…….
…….
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……
……

9. Má fuair tú cistiú ó Chiste na gCrannchur Carthanúil i 2014, bíodh litir ó d'Iniúchóirí faoi iamh le do thoil arna léiriú mar a *feidhmíodh* an cistiú a fuarthas i 2014. Ní mór aon chistiú a soláthraíodh faoin scéim *a fheidhmiú* i leith ghníomhaíochtaí charthanúla na heagraíochta. **Níl cead é a úsáid chun críche riaracháin (féach, le do thoil, nóta mínithe in aguisín 1).**

10. Tabhair faoi deara, le do thoil, **nach foláir go mbeidh beirt chomhshínitheoirí ar a laghad** ag Cuntas Bainc/ Cumainn Foirgníochta.

Banc/ Cumann Foirgníochta: Ainm agus Seoladh: .....
.....

.....

Banc/ Cumann Foirgníochta, Cód Sórtála: .....

Uimhir Chuntais: .....

Sealbhóir Cuntais: .....

Ainmneacha Comhshínitheoirí:

……

……

…….

11. Deimhnímid go bhfuil na coinníollacha a théann leis an Scéim seo léite againn, go dtuigimid iad agus go n-aontaímid leo agus má éiríonn lenár n-iarratas go n-úsáidfear cistiú a fhaightear ó Chiste na gCrannchur Carthanúil de réir choinníollacha na Scéime. Deimhnímid freisin go bhfuil an t-eolas ar fad a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais seo agus sa cháipéiseacht taca cruinn ar feadh ár n-eolais.

Deimhnímid freisin nach mbaineann figiúirí Olldhíolachán Crannchuir i 2012, i 2013 ná i 2014 ach leis na méideanna a díorthaíodh ó chártaí le scríobadh agus/nó ó línte nó tarraingtí eile a bhí ar bun ar bhonn seachtainiúil nó níos minice ag an bpraghas a taispeánadh ar an táirge. Ní áirítear sna figiúirí méideanna a fuarthas i bhfoirm tabhartais nó méideanna a thug an pobal do lucht díolta nach mba íocaíocht iad ar chártaí le scríobadh agus/ná ar línte nó tarraingtí eile a bhíodh ar siúl ar bhonn seachtainiúil nó níos minice.

(LE SÍNIÚ AG CATHAOIRLEACH BHORD NA STIÚRTHÓIRÍ NÓ AG IONTAOBHAÍ AGUS AG AN gCISTEOIR NÓ AN OIFIGEACH AIRGEADAIS)

Síniú: .....

_____

(Cathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí / Iontaobhaí)

Dáta: .....

Síniú.: .....

_____

(Cisteoir / Oifigeach Airgeadais)

Dáta: .....

Is cóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais chuig

Ciste na gCrannchur Carthanach
An Rannóg um Rialú Cearrbhachais/Casino
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tráth nach déanaí ná 5 i.n. 22 Meán Fómhair 2015

Is féidir tuilleadh eolais a fháil de theileafón ó (01) 6028258/6028281

AGUISÍN 1

LIOSTA TÁSCACH DE CHOSTAIS RIARACHÁIN NACH FÉIDIR A ÁIREAMH CHUN CRÍOCHA CLF:

1. TUARASTAIL, PÁ, RAGOBAIR, LIÚNTAIS, COSTAIS FOIRNE Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ

2. TAISTEAL, COTHABHÁIL AGUS COSTAIS EILE MAIDIR LE CARRANNA FOIRNE A FHÁIL AR LÉAS, A CHOTHABHÁIL NÁ A CHEANNACH

3. OILIÚINT, FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA
4. POSTAS, STÁISEANÓIREACHT, PRIONTÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

5. TREALAMH OIFIGE

6. TREALAMH IT & SOLÁTHAR, COTHABHÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ AG DEASC CÚNAIMH

7. CAITEACHAS AR ÁITREAMH OIFIGE, ATHCHÓIRIÚ AGUS ATHRUITHE
8. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA, TÁILLÍ GAIRMIÚLA AGUS SUIBSCRÍBHINN

9. TAIGHDE

10. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS AGUS MUIRIR BAINC

11. CAIDREAMH POIBLÍ AGUS FÓGRAÍOCHT

Ní cháilíonn na costais thuas do Chistiú ó Chiste na gCrannchur Carthanúil mura dtabhaítear iad nuair a bheadh seirbhís túslíne á soláthar nó ar ghníomhaíocht charthanúil. Meabhraítear duit nach mór gealladh a thabhairt i d'iarratas ar Chiste na gCrannchur Carthanúil go gcomhlíonfar coinníollacha na Scéime lena n-áirítear an coinníoll nach mbainfear leas as aon chistiú a fhaightear chun costais riaracháin a sheasamh.

Is liosta táscach é an liosta thuas agus níor cheart glacadh leis go bhfuil gach costas neamhcháilithe san áireamh ann. Má bhíonn aon cheisteanna agat faoi seo ná aon choinníoll eile den Scéim, déan teagmháil, le do thoil, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Rannóg um Rialú Cearrbhachais/Casino
.